Coimisiún na Meán

Doiciméad Comhairliúcháin:

# Scéim Nuachta agus Cúrsaí Reatha na Teilifíse Tráchtála Neamhspleáiche

Dáta foilsithe: 02.10.2025
Spriocdháta chun freagra a thabhairt: 31.10.2025

Tá comhairliúchán sa doiciméad seo maidir le:

**Scéim Nuachta agus Cúrsaí Reatha na Teilifíse Tráchtála Neamhspleáiche** atá beartaithe lena n-áirítear:

a) Cuspóirí na Scéime;
b) Paraiméadair na Scéime; agus
c) An chaoi a reáchtálfar an Scéim.

Coimisiún na Meán

# Clár Ábhar


Coimisiún na Meán ........ 1

An Comhairliúchán ........ 1

Foilsiú Aighneachtaí ........ 2

1. Réamhrá ........ 3
2. Ról an Choimisiúin ........ 3
    2.1 Comhthéacs Reachtaíochta don Scéim ........ 3
    2.1.1 Bunú na Scéime ........ 3
    2.1.2 Cuspóirí na Scéime ........ 3
    2.2 Cur chuige an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm Scéimeanna Maoinithe ........ 4
3. Maidir leis an Scéim ........ 4
    3.1 Ábhar Seirbhíse Poiblí ........ 4
    3.2 Ábhar ........ 5
    3.3 Critéir Incháilitheachta ........ 5
    3.4 Cuspóir an Mhaoinithe ........ 5
    3.5 Oibleagáidí faoi Rialacha an AE maidir le Státchabhair ........ 6
    3.6 Babhtaí Maoinithe ........ 6
    3.7 Maoiniú a Admháil ........ 6
4 Iarratas, Measúnú agus Dámhachtainí ........ 7
    4.1 An Próiseas Iarratais ........ 7
    4.2 An Próiseas Measúnaithe ........ 7
    4.3 An Próiseas Dámhachtana ........ 8
5 Athbhreithniú ar an Scéim ........ 8
6 Aguisín 1 – Achoimre ar Cheisteanna Comhairliúcháin ........ 9

Coimisiún na Meán

# Coimisiún na Meán

Bunaíodh Coimisiún na Meán ("An Coimisiún"), coimisiún na hÉireann chun craoltóirí agus na meáin ar líne a rialáil, agus chun tacú le forbairt na meán agus scéimeanna maoinithe, de thoradh fhorálacha na nAchtanna Craolacháin agus Achtanna Eile um Rialáil na Meán 2009 agus 2022.

Tá an Coimisiún tiomanta do thírdhreach bisiúil, éagsúil, sábháilte ar líne agus sna meáin a chinntiú. Ciallaíonn sé seo meascán guthanna, tuairimí agus foinsí nuachta éagsúla a bheith ann chomh maith le leanaí agus gach duine againn a chosaint ó ábhar díobhálach.

Déanann an Coimisiún, sa bhreis ar a fheidhm Maoinithe do na Meáin, scéimeanna maoinithe a fhorbairt agus a fheidhmiú chun tacú le hábhar a fhorbairt do lucht féachana agus éisteachta na hÉireann, ar ábhar é a léiríonn sochaí na hÉireann, agus a mhúnlaíonn í.

Mar fhreagra ar iarratas ón Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, Patrick O'Donovan Uasal, T.D., agus chun na cuspóirí sin a bhaint amach tuilleadh, tá Coimisiún na Meán ag cur an tionscnaimh mhaoinithe seo i bhfeidhm **chun tacú le Teilifís Tráchtála Neamhspleách.** Tá maoiniú suas go dtí thart ar €3 mhilliún san iomlán ar fáil.

## An Comhairliúchán

Leagtar amach sa doiciméad comhairliúcháin seo Scéim Nuachta agus Cúrsaí Reatha na Teilifíse Tráchtála Neamhspleáiche nua. Tá an scéim seo á bunú ar bhonn riaracháin, de bhreis ar mhaoiniú atá á fháil ag an Aire thuasluaite.

Is é an chúis go bhfuiltear ag dul i mbun comhairliúcháin ar dhoiciméad na Scéime ná chun tuairimí na bpáirtithe leasmhara a fháil faoi chuspóirí agus paraiméadair na scéime agus faoin gcaoi a reáchtálfar í. Cuirtear an scéim i láthair sa doiciméad comhairliúcháin seo i gcúig chuid agus cuimsítear ann achoimre ar na ceisteanna comhairliúcháin mar seo a leanas:

1. Réamhrá
2. Ról an Choimisiúin
3. Maidir leis an Scéim
4. Iarratas, Measúnú agus Dámhachtainí
5. Athbhreithniú ar an Scéim
   Aguisín 1 – Achoimre ar Cheisteanna Comhairliúcháin

Tá an Coimisiún ag lorg tuairimí anois maidir leis an gcur chuige atá beartaithe i leith an tionscnaimh mhaoinithe do theilifís tráchtála neamhspleách mar chuid de phróiseas comhairliúcháin phoiblí. Beidh na haighneachtaí a gheofar mar fhreagra ar an gcomhairliúchán poiblí seo mar bhonn eolais ag cinntí an Choimisiúin i leith na scéime deiridh.

Conas Aighneacht a Dhéanamh
Iarrann an Coimisiún ort do chuid freagraí ar na ceisteanna comhairliúcháin a chur isteach faoi **mheán lae** ar **31.10.2025.**

Is féidir leat do fhreagra a sheoladh ar ríomhphost chuig fundingconsultations@cnam.ie.

Coimisiún na Meán

Is féidir freagraí poist a chur isteach chuig:

Nuacht agus Cúrsaí Reatha,
Scéim na Teilifíse Tráchtála Neamhspleáiche,
**Coimisiún na Meán**
1 Áras Shíol Bhroinn,
Bóthar Shíol Bhroinn,
Baile Átha Cliath 4, D04 NP20, Éire

Má tá aon cheist agat maidir leis an gcomhairliúchán seo, seol ríomhphost chuig fundingconsultations@cnam.ie nó cuir glaoch ar (+353) (0)1 644 1200.

## Foilsiú Aighneachtaí

Foilseoidh An Coimisiún na haighneachtaí a gheofar sa chomhairliúchán seo ar www.cnam.ie tar éis doiciméad scéime deiridh a fhoilsiú agus faoi réir breithniú a dhéanamh ar fhaisnéis a d'fhéadfaí a mheas a bheith de chineál pearsanta, íogair nó gur tugadh i modh rúin í.

### Sonraí pearsanta

Comhlíonfaidh An Coimisiún a oibleagáidí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ("RGCS"), faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus faoi aon dlíthe agus rialacháin eile is infheidhme maidir le príobháideachas sonraí.

Tá oibleagáid ar an gCoimisiún agus tá sé tiomanta do gach faisnéis phearsanta a chuirtear isteach a chosaint. Cheap an Coimisiún Oifigeach Cosanta Sonraí atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil ar an gcaoi a bpróiseálann an Coimisiún faisnéis phearsanta i mbeartas foilsithe an Choimisiúin ag: https://www.cnam.ie/ga/rialachas/cosaint-sonrai-priobhaideachas/raiteas-priobhaideachais/

Don phróiseas comhairliúcháin seo, baileoidh an Coimisiún an t-ainm, an seoladh ríomhphoist agus aon fhaisnéis phearsanta eile a chuimsítear i do fhreagra. Cuirfear ainm an fhreagróra ar an gcomhairliúchán agus an freagra a sholáthrófar ar fáil go poiblí. Mar sin féin, ní chuirfidh an Coimisiún do shonraí teagmhála ar fáil go poiblí, amhail do sheoladh, d'uimhir theileafóin nó do ríomhphost.

Ní bhainfear úsáid as an bhfaisnéis a bhaileofar ach chun críocha an chomhairliúcháin seo agus ní chun críche ar bith eile.

### Faisnéis rúnda

Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún aighneachtaí a fuarthas mar fhreagra ar an gcomhairliúchán seo a fhoilsiú. Tabhair aon fhaisnéis rúnda in iarscríbhinn a ghabhann le haighneacht i scríbhinn nó mar cheangaltán má chuireann tú d'aighneacht isteach ar líne nó trí ríomhphost. Déileálfaidh an Coimisiún le faisnéis rúnda i gcomhréir lena Threoirlínte Comhairliúcháin a foilsíodh ar an 28 Meitheamh 2023.

### Saoráil Faisnéise

Tá faisnéis atá i seilbh an Choimisiúin faoi réir a oibleagáidí faoin dlí, lena n-áirítear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leat faoi fhaisnéis a mharcálann tú mar fhaisnéis rúnda sula ndéanfaidh sé cinneadh faoi aon iarratas ar Shaoráil Faisnéise a fhaightear.

# 1. Réamhrá

*Leagtar amach sa chuid seo an réasúnaíocht don scéim. Níl aon cheist chomhairliúcháin ag teacht chun cinn i leith na coda seo.*

Is é Coimisiún na Meán coimisiún na hÉireann chun craoltóirí agus na meáin ar líne a rialáil, agus chun tacú le forbairt na meán agus scéimeanna maoinithe. Sa chomhthéacs seo, feidhmíonn an Coimisiún tionscnaimh mhaoinithe a thacaíonn le hearnáil na meán.

Sa chomhthéacs seo, tá an scéim seo á bunú chun tacú le teilifís tráchtála neamhspleách ábhar nuachta agus cúrsaí reatha a chruthú a neartóidh iolracht an ábhair iontaofa agus an rochtain atá ag lucht féachana na hÉireann air, rud a éascóidh an dioscúrsa poiblí níos eolaí agus a chuirfidh le daonlathas sláintiúil.

Leagtar amach sa doiciméad seo príomhghnéithe na Scéime i dtéarmaí ról an Choimisiúin, na cuspóirí, na scóipe, an mhaoinithe atá ar fáil agus na bpróiseas oibríochta. Foilseoidh an Coimisiún cáipéisíocht tacaíochta d'iarratasóirí ionchasacha ar aon bhabhtaí maoinithe.

# 2. Ról an Choimisiúin

*Tugtar eolas sa chuid seo ar ról an Choimisiúin i gcur i bhfeidhm na Scéime agus ar ghnéithe den scéim, lena n-áirítear na cuspóirí. Tá dhá (2) cheist chomhairliúcháin leagtha síos ag an gCoimisiún don chuid seo, a chuirtear i láthair ag deireadh an téacs don chuid seo.*

Tá an Coimisiún freagrach as bainistiú na Scéime, lena n-áirítear rialachas corparáideach agus eisíocaíocht na gcistí. Is é €3 mhilliún an leibhéal maoinithe, agus clúdaíonn an maoiniú a leithdháiltear riaradh aon scéime, nó scéimeanna, agus deontais mhaoinithe araon.

## 2.1 Comhthéacs Reachtaíochta don Scéim

### 2.1.1 Bunú na Scéime

Tugann Alt 7(5)(b) de na hAchtanna Craolacháin agus Achtanna Eile um Rialáil na Meán 2009 agus 2022 cumhacht don Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt socruithe a dhéanamh leis an gCoimisiún chun scéimeanna a chur ar bun chun tacú le *'soláthar nuachta ardchaighdeáin, éagsúil agus nuálach a spreagadh agus chun trácht a dhéanamh ar chúrsaí reatha'.*

Sa chomhthéacs seo, ullmhóidh an Coimisiún agus cuirfidh sé faoi bhráid an Aire scéim chun cistí a dheonú a thacóidh le léiriú ábhair seirbhíse poiblí nua.

Baineann an tacaíocht mhaoinithe seo go príomha le clúdach teilifíse méadaithe i leith nuachta agus cúrsaí reatha lena n-áirítear seachadadh ábhair seirbhíse poiblí a fheabhsaíonn iolracht an ábhair iontaofa agus an rochtain atá ag lucht féachana na hÉireann air, rud a éascóidh dioscúrsa poiblí níos eolaí agus a chuirfidh le daonlathas sláintiúil.

Cuirfear an scéim chun feidhme i gcomhréir le rialacha agus nósanna imeachta maidir le Seirbhísí lena nGabhann Leas Eacnamaíoch Ginearálta.

### 2.1.2 Cuspóirí na Scéime

Is iad seo a leanas cuspóirí na Scéime:

**Éagsúlacht Iolrachta agus Éagsúlacht Ábhair a Fheabhsú:** Deis a thabhairt do theilifís tráchtála neamhspleách a cumas a fheabhsú chun tuilleadh ábhair seirbhíse poiblí atá ar ardchaighdeán a sheachadadh. Is é sin, ábhar a chuireann le tuiscint an phobail ar chúrsaí gnóthaí poiblí agus a fheabhsaíonn réimse na bhfoinsí agus éagsúlacht ábhair seirbhíse poiblí do lucht féachana, lena n-áirítear ábhar i nGaeilge.

**An Daonlathas a Chosaint agus a Fheabhsú:** An deis a thabhairt do theilifís tráchtála neamhspleách acmhainní a dhíriú ar dhul i ngleic le saincheisteanna a bhfuil ríthábhacht leo agus a thacaíonn le daonlathas sláintiúil, lena n-áirítear gnóthaí poiblí agus bréagaisnéis/mífhaisnéis. Cuireann sé tacaíocht ar fáil le méadú ar infhaighteacht ábhair seirbhíse poiblí atá iontaofa agus ar ardchaighdeán a éascú. Is é sin, ábhar a chuireann an lucht féachana agus éisteachta ar an eolas faoi phríomh-shaincheisteanna agus imeachtaí a bhfuil tionchar acu ar a saol, agus ábhar a fheabhsaíonn an dioscúrsa poiblí.

### 2.2 Cur chuige an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm Scéimeanna Maoinithe

Agus aon scéim maoinithe á cur i bhfeidhm, glacann an Coimisiún cur chuige straitéiseach leathan maidir le cur i bhfeidhm scéimeanna den sórt sin bunaithe ar na tosaíochtaí seo a leanas:

1 Struchtúir a bhunú a dhíríonn ar phríomhchuspóirí na reachtaíochta agus a chinntíonn dáileadh éifeachtach an mhaoinithe;

2 Naisc láidre a thógáil agus sásraí a bhunú le haghaidh idirphlé le hearnáil na meán agus le gníomhaireachtaí eile san earnáil phoiblí chun treochtaí sna meáin agus i réimsí ábhartha a thomhas, agus chun bonn eolais a chur faoi chinntí amhail líon agus struchtúr na scéimeanna;

3 Solúbthacht a choinneáil laistigh de struchtúir scéimeanna chun riarachán agus bainistíocht éifeachtúil an chiste a chinntiú d'fhonn freagairt go héifeachtach do riachtanais earnáil na meán agus chun a chinntiú go mbainfear cuspóirí na scéimeanna amach.

Tá croíluachanna ann atá mar bhonn agus taca ag cur chuige an Choimisiúin i leith an chúraim a bhaineann le scéim a oibriú. Tá oibleagáid ar an gCoimisiún le bheith:

- Cothrom – inár bpróisis, inár nósanna imeachta, agus inár gcinntí.
- Neamhspleách – ag feidhmiú mar rialtóir neamhchlaonta.
- Saineolach – trí éirí eolach trí rannpháirteachas, taighde, agus tiomantas d'fhoghlaim ghairmiúil.
- Cuntasach – inár gcinntí, inár rialachas, agus lenár n-acmhainní.

Ceisteanna Comhairliúcháin

*1. Cad é do bharúil faoi na cuspóirí atá beartaithe?*

*2. An bhfuil aon athruithe nó breisithe ar leith ba chóir a mheas, agus má tá, ar mhiste leat iad a mhíniú?*

# 3. Maidir leis an Scéim

*Leagtar amach sa chuid seo an cur chuige maidir le feidhmiú na scéime agus aithnítear an cineál ábhair agus ábhair a dtacófar leo; na critéir incháilitheachta d'iarratasóirí; cuspóir an mhaoinithe; agus, tugtar aghaidh ar na riachtanais rochtana poiblí don ábhar a mhaoinítear go poiblí. Tá trí (3) cheist chomhairliúcháin leagtha síos ag an gCoimisiún don chuid seo, a chuirtear i láthair ag deireadh an téacs don chuid seo.*

### 3.1 Ábhar Seirbhíse Poiblí

Tacóidh an scéim le hábhar seirbhíse poiblí i bhformáid chláir closamhairc a chuireann lucht féachana agus éisteachta ar an eolas agus a thugann cumhacht do shochaí dhaonlathach.

### 3.2 Ábhar

Cuireann an scéim tacaíocht mhaoinithe ar fáil chun tuilleadh ábhair seirbhíse poiblí atá ar ardchaighdeán a chruthú. Tacaíonn an t-ábhar seo le ceart an phobail a bheith ar an eolas faoi ghnóthaí poiblí agus faoi shaincheisteanna a bhfuil tionchar acu orthu agus ar a bpobail, chomh maith lena gceart a bheith ar an eolas faoi chúrsaí a chosnaíonn an daonlathas sláintiúil, lena n-áirítear tionscnaimh um litearthacht sna meáin. Tá maoiniú ar fáil chun léiriú a dhéanamh ar ábhar teilifíse nuachta agus cúrsaí reatha den sórt sin amháin, lena n-áirítear ábhar i nGaeilge.

### 3.3 Critéir Incháilitheachta

Ní féidir ach le conraitheoir seirbhíse clár teilifíse iarratais ar an scéim a chur isteach[1] agus tá oibleagáid ar an iarratasóir na nithe seo a leanas a sholáthar:

a) Ábhar Seirbhíse Poiblí.

Beidh an Coimisiún ag súil go léireoidh iarratasóir dea-theist ar, agus tiomantas don, chruthú ábhair do chlár teilifíse nuachta agus cúrsaí reatha atá chun leas an phobail.

b) Ar fáil go saor do phobal na hÉireann

Ní mór an t-ábhar maoinithe go léir a chur ar fáil gan srian.

c) Rochtain

Beidh an t-ábhar a mhaoinítear faoin scéim maoinithe seo ar fáil go poiblí agus beidh sé inrochtana do chách. Áireofar sa cháipéisíocht treorach le haghaidh babhta maoinithe sonraí maidir leis na hoibleagáidí maidir le fáil a bheith ar ábhar maoinithe ar fud na n-ardán go léir.

### 3.4 Cuspóir an Mhaoinithe

Is é príomhchuspóir an tionscnaimh mhaoinithe seo maoiniú a chur ar fáil do theilifís tráchtála neamhspleách chun an seachadadh ábhair seirbhíse poiblí iontaofa dá lucht féachana a fheabhsú agus chun tacú lena gcuid straitéisí i leith tacú le daonlathas sláintiúil, lena bhféadfaí gníomhaíochtaí um litearthacht sna meáin agus dul i ngleic le bréagaisnéis agus mífhaisnéis a áireamh. Tá maoiniú ar fáil dá bhrí sin do na costais a bhaineann go díreach le baint amach an tionscadail, agus a thacaíonn leis an gcuspóir sin. I measc samplaí de na costais incháilithe, tá:

- Costais Foirne & Tuarastail d'oibrithe ar fostú agus/nó atá ceaptha chun gníomhaíochtaí/tionscadail a sholáthar (seachas aon mhaoiniú a fuarthas ó fhoinsí eile a chlúdaíonn costais foirne agus tuarastail).
- Costais riaracháin ghaolmhara (seachas aon mhaoiniú ó fhoinsí eile a chlúdaíonn costais riaracháin & forchostais).
- Costais fóntais/reatha ghaolmhara (seachas aon mhaoiniú ó fhoinsí eile a chlúdaíonn costais riaracháin & forchostais).
- Costais soláthair tionscadail.
- Costais ábhartha do spás stiúideo.
- Bolscaireacht agus cumarsáid an stáisiúin chun aird a tharraingt ar ghníomhaíochtaí an stáisiúin maidir leis na gníomhaíochtaí agus/nó an tionscadal maoinithe.

[1] An tAcht Craolacháin 2009 arna leasú, Alt 70.

- Costais mheantóireachta, forbartha agus oiliúna.
- Taisteal agus costais do rannpháirtithe atá páirteach sa tionscadal/sna tionscadail.

Ní bheidh maoiniú ar fáil chun na nithe seo a leanas a mhaoiniú:

- Gníomhaíochtaí nach mbaineann go díreach le hábhar seirbhíse poiblí maoinithe a chruthú.
- Trealamh nó áitreabh a cheannach (costais chaipitil)
- Dímheas.

Go ginearálta, leithdháilfidh an Coimisiún deontais faoin Scéim a léiríonn 95% de chostais incháilithe an ábhair seirbhíse poiblí beartaithe agus costais léirithe, eagarthóireachta agus forchostais a bhaineann go díreach leo.

Foilseofar cáipéisíocht threorach le haghaidh gach babhta maoinithe agus beidh faisnéis mhionsonraithe ann faoi leibhéil na ndámhachtainí deontais agus teimpléid bhuiséid ina leagfar amach na costais cheadaithe faoin Scéim.

### 3.5 Oibleagáidí faoi Rialacha an AE maidir le Státchabhair

Caithfidh an Coimisiún an scéim maoinithe a oibriú de réir cheanglais Rialacha an AE maidir le Státchabhair agus tá Cinneadh maidir le Seirbhís lena nGabhann Leas Eacnamaíoch Ginearálta (2012/21/AE) á chur i bhfeidhm acu. Áirítear ar na ceanglais chomhlíonta trédhearcacht iomlán ar nós foilsiú dámhachtainí maoinithe ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Meán agus an Scéim a áireamh i dtuarascáil a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh gach dhá bhliain. Is í an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta atá i gceannas ar an tuarascáil seo, agus déanfaidh an Roinn comhordú ar fhaisnéis a fháil ar ais ón gCoimisiún ina leith seo.

Sa bhreis ar Airteagal 8 den Chinneadh maidir le Seirbhís lena nGabhann Leas Eacnamaíoch Ginearálta, ní mór don Choimisiún an fhaisnéis uile is gá a choinneáil maidir le dámhachtain mhaoinithe don tréimhse mhaoinithe araon agus ina dhiaidh sin, ar feadh deich (10) mbliana ina dhiaidh sin chun a chinntiú gur féidir leis an gCoimisiún Eorpach iniúchadh a dhéanamh ar dheontas nó ar dheontais chun a *chinneadh an bhfuil an cúiteamh a dheonaítear comhoiriúnach* leis an gCinneadh maidir le Seirbhís lena nGabhann Leas Eacnamaíoch Ginearálta.

### 3.6 Babhtaí Maoinithe

Leithdháilfidh an Coimisiún maoiniú trí úsáid a bhaint as córas babhtaí maoinithe inchonspóide. Beidh cead ag iarratasóirí suas le 95% de chostais incháilithe iomlán an tionscadail a lorg.

### 3.7 Maoiniú a Admháil

Ceanglaítear ar bhonn conarthach ar iarratasóirí a fhaigheann maoiniú ón gCoimisiún an tacaíocht seo a admháil go foirmiúil i bhformáid atá inghlactha ag an gCoimisiún. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart treoirlínte a eisiúint d'iarratasóirí ina sonraítear ceanglais bheachta ina leith sin.

**Ceisteanna Comhairliúcháin**

*3. An aontaíonn tú leis an scóip atá beartaithe don scéim mar atá leagtha amach i gcodanna 4.1 Ábhar Seirbhíse Poiblí, 4.2 Ábhar agus 4.4 Cuspóir an Mhaoinithe?*

*4. An bhfuil na critéir incháilitheachta mar atá leagtha amach i gCuid 4.3 oiriúnach?*

*5. An bhfuil aon athruithe nó breisithe ar leith ba chóir a mheas, agus má tá, ar mhiste leat iad a mhíniú?*

# 4 Iarratas, Measúnú agus Dámhachtainí

*Leagtar amach sa chuid seo an cur chuige i leith an phróisis iarratais agus measúnaithe don scéim agus aithnítear inti na príomhphrionsabail atá mar bhonn eolais ag na próisis seo. Tá ceithre (4) cheist chomhairliúcháin leagtha síos ag an gCoimisiún don chuid seo, a chuirtear i láthair ag deireadh an téacs don chuid seo.*

Is é an rud is tábhachtaí don Choimisiún go bhfuil na próisis iarratais, mheasúnaithe agus dámhachtana trédhearcach, cothrom agus gur féidir iad a fhíorú. D'aontaigh agus d'fheidhmigh an Coimisiún prionsabail leathana maidir leis na próisis seo ar fud scéimeanna maoinithe mar atá leagtha amach thíos. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis maidir leis na próisis agus na nósanna imeachta chun iarratais a dhéanamh, an próiseas measúnaithe, conraitheoireacht agus eisíocaíocht ar fáil go poiblí.

## 4.1 An Próiseas Iarratais

Foilseoidh an Coimisiún faisnéis faoi ghníomhaíochtaí maoinithe atá le teacht agus áireofar inti: sonraí maidir le conas aighneachtaí a dhéanamh, faisnéis incháilitheachta, tréimhsí ama iarratais, sonraí faoi chritéir mheasúnaithe agus faisnéis fhorlíontach eile de réir mar a mheastar a bheith cuí.

## 4.2 An Próiseas Measúnaithe

Tá na ceithre chéim fhéideartha seo a leanas mar chuid de phróiseas measúnaithe na scéime:

### 4.2.1 Réamh-Mheastóireacht

Is é cuspóir na réamh-mheastóireachta a chinntiú go bhfuil iarratasóir incháilithe do mhaoiniú faoin scéim. Dírítear anseo ar a chinntiú gur comhlíonadh na critéir íosta agus gur cuireadh an cháipéisíocht riachtanach ar fad isteach. Dícháilítear aon iarratas nach n-éiríonn leis ag céim na réamh-mheastóireachta agus ní dhéanfar iad a mheas a thuilleadh.

### 4.2.2 Measúnú Cáilíochtúil

Déantar gach iarratas a mheas ar a fhiúntas féin i gcomhthéacs na gcritéar measúnaithe atá leagtha amach i gcáipéisíocht threorach an Choimisiúin a fhoilsítear chun eolas agus tacaíocht a thabhairt d'iarratasóirí ionchasacha agus iarratas á dhéanamh acu ar an Scéim.

### 4.2.3 Measúnú Straitéiseach

Sna cásanna ina bhfuil níos mó iarratais cháilithe ná maoiniú ar fáil, beidh céim mheastóireachta eile ag an gCoimisiún. Díreoidh sé seo ar chothromaíocht a aimsiú i bpacáiste foriomlán na dtionscadal maoinithe i gcomhthéacs chuspóirí na scéime. Breathnófar anseo freisin ar na moltaí ón gcéim cháilíochtúil. Cuirfear na moltaí deireanacha faoi bhráid na gCoimisinéirí ansin lena ndaingniú.

### 4.2.4 Daingniú Foirmiúil

Coimisiún na Meán

Sa chéim dheiridh déanann Coimisiún na Meán daingniú ar phacáiste foriomlán na n-iarratas a mholtar le haghaidh maoinithe agus áirítear leis sin aird ar chuspóirí an bhabhta maoinithe a chomhlíonadh.

### 4.3 An Próiseas Dámhachtana

I gcás ina bhformheasann an Coimisiún iarratas ar mhaoiniú, beidh na céimeanna seo a leanas le leanúint:

i. Cuireann an Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas faoin gcinneadh, ina leagtar amach aon choinníoll/choinníollacha a ghabhann leis an tairiscint.
ii. Cuirfidh an Coimisiún liosta de na tairiscintí maoinithe atá daingnithe ag na Coimisinéirí ar fáil don phobal.
iii. Ní mór don iarratasóir a n-éireoidh leis/léi a dheimhniú go nglacann sé/sí leis an tairiscint mhaoinithe agus le haon choinníoll/choinníollacha a ghabhann leis sin ón gCoimisiún.
iv. Ceanglaítear ar iarratasóir rathúil comhaontú conarthach a dhéanamh leis an gCoimisiún, ar théarmaí a shonróidh an Coimisiún. Áirítear ar théarmaí den sórt sin sceideal a bhaineann le tarraingt anuas cistí ag iarratasóir.

Riarann an Coimisiún cistí de réir théarmaí an chomhaontaithe chonarthaigh. Maidir leis an scéim seo, níor cheart téarma an chonartha maoinithe a bheith níos faide ná tréimhse dhá mhí dhéag.
Sa chás inar dhiúltaigh an Coimisiún d'iarratas ar mhaoiniú, tugtar fógra d'iarratasóirí ar bhonn aonair agus tugtar eolas dóibh maidir leis an gcaoi ar éirigh lena n-iarratais sa phróiseas measúnaithe.

Forbróidh an Coimisiún córas caighdeánaithe pointí chun bonn eolais a chur faoin meastóireacht ar iarratais, agus faoin aiseolas a thugtar d'iarratasóir.

**Ceisteanna Comhairliúcháin**

*6. An bhfuil tú sásta leis an gcur chuige atá beartaithe don phróiseas iarratais?*

*7. An bhfuil aon athruithe nó breisithe ar leith ba chóir a mheas, agus má tá, ar mhiste leat iad a mhíniú?*

*8. An bhfuil tú sásta leis an gcur chuige atá beartaithe maidir le measúnú agus dámhachtainí?*

*9. An bhfuil aon athruithe nó breisithe ar leith ba chóir a mheas, agus má tá, ar mhiste leat iad a mhíniú?*

# 5 Athbhreithniú ar an Scéim

Déanfaidh Coimisiún na Meán athbhreithniú ar éifeacht agus tionchar na Scéime ar chríochnú na dtionscadal maoinithe.

**Ceist Chomhairliúcháin Dheiridh**

*10. An bhfuil aon aiseolas eile ar an scéim atá beartaithe ba mhaith leat a chur isteach?*

# 6 Aguisín 1 – Achoimre ar Cheisteanna Comhairliúcháin

| Cuid | Ceisteanna Comhairliúcháin |
|---|---|
| **Ról an Choimisiúin** | *1. Cad é do bharúil faoi na cuspóirí atá beartaithe?*<br>*2. An bhfuil aon athruithe nó breisithe ar leith ba chóir a mheas, agus má tá, ar mhiste leat iad a mhíniú?* |
| **Maidir leis an Scéim** | *3. Cén tuairim atá agat faoin scóip atá beartaithe don scéim mar atá leagtha amach i gcodanna 3.1 Ábhar Seirbhíse Poiblí, 3.2 Ábhar agus 3.4 Cuspóir an Mhaoinithe?*<br>*4. An bhfuil na critéir incháilitheachta mar atá leagtha amach i gCuid 3.3 oiriúnach?*<br>*5. An bhfuil aon athruithe nó breisithe ar leith ba chóir a mheas, agus má tá, ar mhiste leat iad a mhíniú?* |
| **Iarratas, Measúnú agus Dámhachtainí** | *6. An bhfuil tú sásta leis an gcur chuige atá beartaithe don phróiseas iarratais?*<br>*7. An bhfuil aon athruithe nó breisithe ar leith ba chóir a mheas, agus má tá, ar mhiste leat iad a mhíniú?*<br>*8. An bhfuil tú sásta leis an gcur chuige atá beartaithe maidir le measúnú agus dámhachtainí?*<br>*9. An bhfuil aon athruithe nó breisithe ar leith ba chóir a mheas, agus má tá, ar mhiste leat iad a mhíniú?* |
| **Iomlán** | *10. An bhfuil aon aiseolas eile ar an scéim atá beartaithe ba mhaith leat a chur isteach?* |